



Ráiteas Meán don tríú tuarascáil eatramhach taighde ar chur i bhfeidhm agus ar thionchar Creat don tSraith Shóisearach

22 Bealtine 2024

Is díol sásaimh don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) é foilsiú *Iniúchadh ar Thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach: Staidéar fadaimseartha – Tuarascáil eatramhach uimh. 3*. Is í seo an tríú tuarascáil i sraith de thuarascálacha taighde maidir le cur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata. Tugann sé léargas breise ar eispéiris scolieanna agus iad ag obair leis an gCreat ó tugadh isteach é in 2015.

Is staidéar spreagúil é an taighde fadaimseartha ceithre bliana seo, a cuireadh ar bun i ndeireadh 2020, agus é mar aidhm ag an taighde eispéiris múinteoirí, príomhoidí, scoláirí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara níos leithne an oideachais a fháil ar an gCreat don tSraith Shóisearach. Tá éagsúlacht shaibhir scoileanna an iar-bhunoideachais in Éirinn san áireamh sa staidéar.

Tarraingíodh na sonraí don tríú tuarascáil seo ó agallaimh le príomhoidí scoile agus ón dara céim de na suirbhéanna múinteora (thar shampla de 100 scoil).

Ar na léargais a foilsíodh inniu, tá

- Go dtacaíonn príomhoidí agus múinteoirí i gcónaí le réasúnaíocht an athraithe mar atá leagtha amach sa Chreat don tSraith Shóisearach.
- Go mbaineann an réimse leathan tacaíochta seo le hoideolaíochtaí nua freisin. Gur thuairiscigh príomhoidí go bhfuil athruithe dearfacha ar chleachtais teagasc agus foghlama sna seomraí ranga. Agus, i bhformhór na n-ábhar, tuairiscíodh go dtacaíonn múinteoirí go ginearálta leis an bhfoghlaim atá leagtha amach sna sonraíochtaí ábhair.
- Gur fheabhsaigh na Measúinthe-Rangbhunaithe (MRBanna) rannpháirtíocht scoláirí sna hábhair agus gur forbraíodh scileanna tábhachtacha dá bharr
- Go raibh dearcthaí dearfacha le roinnt ag príomhoidí agus múinteoirí ar leibhéal fheabhsaithe muiníne na scoláirí, ar a bhfeasacht foghlama agus ar mhéadú ar ghuth an scoláire trí chéile.
- Go bhfuil caidrimh níos dearfaí sa scoil i gcoitinne agus go bhfuil caidrimh múinteoirí-scoláirí feabhsaithe leis.
- Go bhfuil méadú suntasach tagtha ar chomhoibriú agus plé gairmiúil múinteoirí.

Léiríonn an taighde freisin na réimsí a bhfuil tuilleadh machnaimh le déanamh orthu maidir le fíis an Chreata a chur i gcrích. Ina measc sin, tá:

- Easpa leanúnachais leis an Ardteistiméireacht reatha. Cé gur aithin múinteoirí agus príomhoidí go raibh scileanna tábhachtacha á bhfoghlaim ag scoláirí sa tsraith shóisearach, léiríodh gur ann d'inní fós maidir le hullmhacht do scrúduithe na hArdteistiméireachta.
- Míshástacht le scrúduithe deiridh na sraithe sóisearaí, go háirithe na bandaí grádaithe agus easpa rogha sna páipéir scrúdaithe.
- Ba cheart dóthain tábhachta a thabhairt do na MRBanna i gcomhthéacs mheasúnú foriomlán na sraithe sóisearaí. Thuairiscigh múinteoirí agus príomhoidí gur thacaigh na

MRBanna le rannpháirtíocht na scoláirí ach mheas siad nár léiríodh dóthain luacha ar na hiarrachtaí a cuireadh isteach sna MRBanna.

- Tá bac á chur ar chur i bhfeidhm iomlán agus rathúil na n-athruithe mar a bhí beartaithe sa Chreat ag an tús mar gheall ar éilimh sheachtracha ar nós scrúduithe a mbraitear a bhfuil ard-bhrú/strus bainteach leo.

Ag labhairt di faoi thábhacht an staidéir d'obair CNCM, is é a dúirt Arlene Forster, Príomhfheidhmeannach CNCM: *'Tá ríméad orm an tríú tuarascáil eatramhach a foilsíodh inniu a fheiceáil, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na múinteoirí, na scoláirí, na príomhoidí agus na tuismitheoirí a bhí páirteach sa staidéar le ceithre bliana anuas. Tá obair CNCM bunaithe ar fhianaise agus ar staidéir mar seo ina bhfuil léargais shaibhre ó scoileanna, a chuireann ar ár gcumas an dul chun cinn atá á dhéanamh a fheabhsú agus tógáil air. Is mórthiomantas de chuid na Comhairle é an staidéar fadaimseartha téagartha, cuimsitheach seo agus léiríonn sé an cioradh mion agus domhain a dhéantar ar chreataí mar seo agus ar a gcur i bhfeidhm. Cuirfidh an tuarascáil deiridh a fhoilseofar níos déanaí i mbliana torthaí iomlána an stáideir i láthair agus cabhróidh sé seo leis an gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat agus comhairle a thabhairt maidir lena nuashonrú, mar agus nuair is gá, chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú ardchaighdeán.'*

Tá an taighde idir lámha, thar ceann CNCM, ag foireann taighde in Ollscoil Luimnigh a bhfuil an taitheí chuí acu, agus tá sé bunaithe ar shaineolas suntasach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ar an taighde fadaimseartha.

Táthar ag súil leis go leanfar, leis an tríú tuarascáil seo, den ardú feasachta maidir leis an staidéar fadaimseartha agus de léiriú a luacha ar mhaithe le gach duine atá bainteach le cur i bhfeidhm an oideachais sa tsraith shóisearach. Bainfidh an tuarascáil deiridh leas as na torthaí thar na ceithre bliana agus as na trí thuarascáil eatramhacha chun mionscrúdú a dhéanamh ar na mórthéamaí atá ag teacht chun cinn agus chun moltaí a dhéanamh. Tá CNCM fíorbhuíoch de na scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí agus ceannairí scoile sna scoileanna rannpháirteacha ar fud na tíre as a bheith sásta a gcuid scéalta a roinnt i gcaitheamh an staidéir. Glacann CNCM buíochas le agus tugann moladh mór freisin d'obair Fhoireann Taighde Ollscoil Luimnigh agus tá an Chomhairle ag tnúth leis an tuarascáil deiridh ón staidéar seo.

<CRÍOCH>

Teagmháil do na meáin: Johnny Fallon, Carr Communications, 085-8895103, Johnny@carrcommunications.ie

Nóta d'eagarthóirí:

Tá an Tuarascáil mar aon le níos mó eolais ar an taighde ar fáil ar líne ag: [Junior Cycle National Project | University of Limerick \(ul.ie\)](#)/ [Chreat na Sraithe Sóisearaí \(JCF\) | University of Limerick \(ul.ie\)](#)

Na meáin shóisialta: Twitter: @ncca.ie Facebook: @nccaireland Instagram: ncca_irl

Faisnéis Chúlra

Is comhlacht reachtúil de chuid na Roinne Oideachais í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Déanaimid athbhreithniú ar churaclam agus ar mheasúnú do na luath-bhlianta, don tsraith shóisearach agus shinsearach in Éirinn. Oibrímid le foghlaiméoirí, múinteoirí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara chun curaclam agus measúnú taighde-bhunaithe a fhorbairt. Tá sé chomhalta is fiche ar an gComhairle atá ionadaíoch ar na comhpháirtithe oideachais,

tionscail agus ceardchumann, ar scoláirí, ar eagraíochtaí tuismitheoirí agus ar leasanna oideachais eile. Bíonn ainmní amháin de chuid an Aire Oideachais agus ainmní amháin de chuid an Aire Leanáí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháthú agus Óige ar an gComhairle freisin.